



AN COIMISIÚN  
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS  
DO GHNÓTHAÍ  
EACHTRACHA AGUS DON  
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 13.10.2023  
JOIN(2023) 32 final/2  
DOWNGRADED ON 25.7.2024

2023/0374 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

### **RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise  
na staide i bPoblacht na hAfraice Láir**

## **MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir.

An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023). Bunaítear leis an Rún sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na bearta trádabhac arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhar gaolmhar, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.

Tá an Chomhairle ar tí cinneadh a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES chun na forálacha sin a léiriú.

Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun na bearta sin a chur chun feidhme.

Molann Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Coimisiún Eorpach Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

Togra comhpháirteach le haghaidh

## **RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) [2023/,...]<sup>1</sup>, lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 maidir le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir<sup>2</sup>,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht na hAfraice Láir<sup>3</sup> ('PAL'), chun éifeacht a thabhairt do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/798/CBES.
- (2) An 27 Iúil 2023, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2693 (2023). Bunaítear leis an Rún sin nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag na bearta trádhaic arm ná ag na ceanglais ghaolmhara maidir le fógra a thabhairt maidir le soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhar gaolmhar, agus maidir le cúnamh, comhairle agus oiliúint a chur ar fáil d'fhórsaí slándála Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.
- (3) An [...] Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) [2023/...], lena leasaítear Cinneadh 2013/798/CBES i gcomhréir le Rún 2693 (2023).
- (4) Tagann roinnt de na leasuithe seo faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, is gá gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha iad i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 224/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

I Rialachán (AE) Uimh. 224/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3, litir (e):

---

<sup>1</sup> IO L ...

<sup>2</sup> IO L 352, 24.12.2013, lch. 51.

<sup>3</sup> IO L 70, 11.3.2014, lch. 1.

‘(e) a bhaineann le soláthairtí arm agus ábhar gaolmhar de gach cineál, lena n-áirítear airm agus armlón, feithiclí agus trealamh míleata, trealamh paraimíleata, agus páirteanna spártha do na fórsaí slándála thuasluaite, lena n-áirítear institiúidí sibhialta stáit um fhorfheidhmiú an dlí.’

## *Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*